Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9285/26**

**DEVGEN 79**
**FIN 681**
**ACP 48**
**RELEX 660**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cur chuige comhleanúnach i leith na leochaileachta, ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus torthaí i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 18 Bealtaine 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige comhleanúnach i leith na leochaileachta, ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus torthaí i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4174ú cruinniú a bhí aici an 18 Bealtaine 2026

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### Maidir le cur chuige comhleanúnach i leith na leochaileachta, ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais agus torthaí i ndáil leis an bhforbairt inbhuanaithe

***Cur chuige comhleanúnach marthanach i leith na leochaileachta***

1. Aithníonn an Chomhairle gur dúshlán domhanda atá ag éirí níos mó i gcónaí í an leochaileacht, spreagtha ag rioscaí ilghnéitheacha agus éirithe níos measa mar gheall ar ghéarchéimeanna iomadúla, rud a chuireann an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta i mbaol, a chuireann isteach ar an tslándáil eacnamaíoch agus a dtéann an t-easáitiú éigeantach agus an imirce neamhrialta in olcas dá bharr, lena n-áirítear i gcomharsanacht an Aontais agus sna tíortha comhpháirtíochta. Cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil sé mar thosaíocht straitéiseach ag an Aontas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an leochaileacht.

2. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá freagairt ón Aontas ar an leochaileacht atá níos córasaí agus níos cuimsithí, níos saincheaptha, níos comhleanúnaí, níos comhordaithe agus níos infheicthe, freagairt atá bunaithe ar luachanna agus ar phrionsabail an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs teannas geopholaitiúil atá ag méadú. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá cuir chuige chomhtháite, chlaochlaitheacha, fhadtéarmacha, bunaithe ar chearta an duine atá comhthéacs-shonrach, coinbhleacht-íogair, inbhuanaithe agus lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne. Ba cheart iad a bheith bunaithe ar an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin agus ba cheart cosc, réamhghníomhaíocht, cothú na síochána agus neartú na hathléimneachta a chuimsiú leo, agus rannchuideofaí, leis sin, le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus ar na nithe atá taobh thiar di, lena n-áirítear coinbhleachtaí, an bhochtaineacht, agus dúshláin a bhaineann leis an aeráid. Ba cheart a léiriú, le gníomhaíochtaí uile an Aontais, a thiomanta atá an tAontas don iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Ba cheart do ghníomhaíochtaí an Aontais tacú le comhlántacht i réimsí éagsúla ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES).

3. Leis an gcur chuige sin, le comhar marthanach um fhorbairt i suíomhanna leochaileacha, a bhfuil prionsabail an Aontais i ndáil leis an bhforbairt mar bhonn taca leis agus atá ailínithe le Clár Oibre 2030 agus leis na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis, ba cheart athléimneacht agus cobhsaíocht fhadtéarmach na dtíortha comhpháirtíochta a threisiú agus a n-aistriú óna bheith spleách ar chabhair go conairí forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas den tsíocháin agus den tslándáil idirnáisiúnta, cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn, chomh maith le réitigh iltaobhacha ar dhúshláin choiteanna. Cuireann an Chomhairle chun suntais freisin go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar chórais cosanta sóisialta agus aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht chun baol na leochaileachta a laghdú.

4. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfaighfear maoiniú iomchuí solúbtha ón Aontas i gcomhthéacsanna leochaileacha. Iarrann sí go gcuirfí dlús leis an úsáid a bhaintear as sásraí maoiniúcháin nuálacha, solúbtha a threisíonn a chéile, lena n-áirítear ionstraimí dí-rioscaithe chun cistiú príobháideach a úsáid ar mhaithe le fiontraíocht áitiúil, FBManna agus cruthú post. Ag an am céanna, leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé inbhuanaitheacht fiachais agus trédhearcacht a neartú chun athléimneacht fhioscach a áirithiú i dtíortha comhpháirtíochta. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle i dtreis an ról ríthábhachtach atá ag an gcruthú post i gcásanna leochaileacha, ina bhfuil bacainní móra ar dheiseanna chun slí beatha a bhaint amach.

5. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá rannpháirtíocht dhírithe mharthanach i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta atá an-leochaileach nó a bhfuil leochaileacht míchuibheasach ag baint leo agus ina ngníomhaíonn an tAontas go straitéiseach, mar atá an Afraic Fho-Shahárach, lena n-áirítear an tSaiheil, na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus Tíortha Talamhiata i mBéal Forbartha. Díreofar go sonrach freisin ar chobhsaíocht agus athléimneacht a chothú inár gcomharsanacht choiteann, lena n-áirítear na Balcáin Thiar agus Comharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt, agus leochaileachtaí agus dúshláin shonracha na réigiún sin á gcur san áireamh. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá rochtain chomhionann chothrom ar sheirbhísí bunúsacha iontaofa inacmhainne, go háirithe uisce glan, bia cothaitheach, tithíocht leordhóthanach, oideachas ar ardcháilíocht, rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardcháilíocht, an ceartas agus institiúidí iontaofa, mar phríomhchumasóirí an chomhtháthaithe shóisialta, na rannpháirtíochta eacnamaíche cuimsithí agus na muiníne as institiúidí poiblí. Ba cheart, trí rannpháirtíocht an Aontais, rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí daonnúla, sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus slándála na leochaileachta, lena n-áirítear an bhochtaineacht agus an neamhionannas, an foréigean, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, agus an éagobhsaíocht, neamhshlándáil an tsoláthair bia, an t-easáitiú éigeantach agus an imirce neamhrialta.

6. Aithníonn an Chomhairle go mbíonn tionchar díréireach ag an leochaileacht ar mhná, ar chailíní agus ar an óige, agus ar dhaoine atá i mbaol. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé iad a chumhachtú go leanúnach mar údair athraithe ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an bhforbairt inbhuanaithe, go háirithe trí rochtain níos fearr agus níos cothroime ar an oideachas, ar scileanna agus ar dheiseanna fostaíochta. Cuireann an Chomhairle i dtreis go rannchuidítear le sochaithe a bheith níos athléimní, níos síochánta agus níos cuimsithí trí dhul i ngleic le cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe agus neamhionannais inscne agus trí rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban, na hóige agus na ndaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i ngach réimse den saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus poiblí. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do chur chun feidhme an chláir oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil. Tugann sí dá haire Plean Gníomhaíochta III an Aontais maidir le hInscne (GAP) ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, ar dhearbhaigh an Uachtaránacht sna Conclúidí uaithi gur dhíol sásaimh é, agus an ról atá aige leanúint den tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an gcomhionannas inscne i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéadú go suntasach. Ag féachaint chun cinn, aithníonn an Chomhairle go bhfuil an ceathrú Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP IV) á ullmhú, agus gur cheart tiomantas agus ceannaireacht leanúnach a léiriú leis an bplean sin trí spriocanna nithiúla a leagan síos agus leanúint den chomhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí an comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus na gcailíní agus sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn ar fud an domhain, de réir mhír 34 den Chomhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt, agus i gcomhar le rialtais chomhpháirtíochta, leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach.

7. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chur chun cinn, do chosaint agus do chomhlíonadh chearta uile an duine, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas an tiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Cuireann an tAontas in iúl freisin, i dtaca le sláinte gnéis agus atáirgthe, go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis, ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

*Ailíniú straitéiseach agus rannpháirtíocht iltaobhach*

8. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le cur chuige Fhoireann na hEorpa maidir leis an leochaileacht. Ba cheart an cur chuige sin a chomhlánú, de réir mar is ábhartha, le rannpháirtíocht le comhpháirtithe a bhfuil na luachanna céanna acu, le bainc forbartha, leis an earnáil phríobháideach, agus le heagraíochtaí réigiúnacha in éineacht le comhar éifeachtach le comhpháirtithe iltaobhacha, nuair is ábhartha, cuir i gcás na Náisiúin Aontaithe agus Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas do chomhpháirtíochtaí comhthairbheacha chun an úinéireacht áitiúil, an trédhearcacht agus an chuimsitheacht a neartú. Tá sí tiomanta i gcónaí gníomhaithe áitiúla a chumhachtú agus comhoibriú leo, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach áitiúil, lena n-áirítear FBManna, agus na meáin neamhspleácha, lena n-áiritheofar go rannchuideoidh idirghabhálacha le réitigh inbhuanaithe atá faoi úinéireacht áitiúil, go dtacóidh siad leis an rialachas cuimsitheach cuntasach, agus go laghdóidh siad an spleáchas ar chabhair.

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór don Aontas i gcónaí a bheith in ann feidhmiú agus leas á baint as raon níos leithne uirlisí agus cuir chuige faoi chuimsiú an naisc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin, chun freagairt ar bhunriachtanais na bpobal, an fhorbairt dhaonna a chur chun cinn agus an tsíocháin agus an comhtháthú sóisialta a chothú. Leagann sí béim ar an ról ríthábhachtach a ghabhann le comhthéacs comhpháirteach comhroinnte, anailísí ar inscne agus ar choinbhleachtaí agus coinbhleacht-íogaireacht, agus gur cheart ionstraimí ábhartha uile an Aontais a bheith comhthacúil agus ailínithe go straitéiseach.

11. Tugann an Chomhairle dá haire acmhainneacht chlaochlaitheach straitéis Global Gateway agus a cur chuige 360 céim i gcásanna leochaileacha, nuair a chuirtear i bhfeidhm í ar bhealach comhthéacs-íogair agus coinbhleacht-íogair, i gcomhréir le prionsabal na neamhdhíobhála. Nuair a chuirtear an straitéis Global Gateway i bhfeidhm i gcomhthéacsanna leochaileacha, ba cheart uirlisí eile de chuid an Aontais atá níos saincheaptha agus níos solúbtha a chomhlánú go hiomchuí le hinfheistíochtaí faoi Global Gateway. D’fhéadfadh éifeachtaí a rachadh chun tairbhe na síochána a bheith mar thoradh ar infheistíochtaí coinbhleacht-íogair a dhéantar faoin straitéis Global Gateway trí dheiseanna a thabhairt slite beatha a bhaint amach agus trí chobhsaíocht a chothú i gcásanna leochaileacha.

12. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndíreofar an cúnamh oifigiúil forbraíochta a thugann an tAontas ar bhealach leordhóthanach trédhearcach ar chomhthéacsanna leochaileacha a mbaineann coinbhleacht leo, na comhthéacsanna sin ina bhfuil na riachtanais is mó agus ina bhfuil rannpháirtíocht leanúnach bunriachtanach chun tacú leis an gcobhsaíocht, le riachtanais dhaonnúla, leis an athléimneacht agus leis an bhforbairt fhadtéarmach, agus nach bhfágfar aon duine ar lár, agus an dul chun cinn i dtreo sprioc chomhchoiteann an Aontais maidir leis an gcúnamh oifigiúil forbraíochta a thugtar do na tíortha is lú forbairt agus ailíniú le tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus le prionsabail éifeachtacht na forbartha á gcosaint ag an am céanna.

***Clár Oibre Réamhbhreathnaitheach de chuid an Aontais***

13. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leanúnach phrionsabálta an Aontais i gcásanna leochaileacha, i gcomhréir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin.

14. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór coinbhleacht-íogaireacht agus anailís stóinse ar chomhthéacs a bheith ina gcoimircí straitéiseacha lena gcosnaítear leasanna an Aontais agus athléimneacht na dtíortha comhpháirtíochta araon, go háirithe i gcomhthéacsanna an-leochaileach nó a bhfuil leochaileacht míchuibheasach ag baint leo. Leagann an Chomhairle béim ar a fíor-riachtanaí atá na coimircí sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na neamhdhíobhála leis na hidirghabhálacha a dhéanann an tAontas agus go gcuirfidh siad leis an gcobhsaíocht, leis an tsíocháin inbhuanaithe agus leis an athléimneacht fhadtéarmach. Tá gá le cur chuige láidir Fhoireann na hEorpa agus le hanailísí comhthéacs comhpháirteacha chun go mbeifí éifeachtúil agus comhleanúnach agus chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag an idirghabháil ag an am céanna.

15. Beidh an Chomhairle ag obair chun a áirithiú go mbeidh creat maoiniúcháin sheachtraigh an Aontais oiriúnach dá fheidhm, mar atá, aghaidh a thabhairt ar leochaileacht ar bhealach comhtháite, logánta agus inbhuanaithe, lena gcuirfear comhleanúnachas sna hionstraimí chun cinn mar aon le hailíniú le prionsabail na forbartha, le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, le riachtanais agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta agus le réaltachtaí geopholaitiúla.

***Tuarascáil Bhliantúil 2025 ar chur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais Eorpaigh in 2024***

16. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil 2025 maidir le cur chun feidhme ionstraimí gníomhaíochta seachtraí an Aontais in 2024, ina dtugtar forléargas cuimsitheach ar an tacaíocht airgeadais a thug an tAontas do chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, do Chomharsanacht na hEorpa, don chúnamh daonnúil, don mhéadú, don tsíocháin, don tslándáil agus don chosaint, agus don fhreagairt ar ghéarchéimeanna.

17. Tugann an Chomhairle dá haire a luachmhara atá an tuarascáil maidir lena léiriú mar a lean an tAontas agus a Bhallstáit, ag gníomhú dóibh trí chur chuige 'Foireann na hEorpa', d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomh maith le hiarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, agus luachanna agus leasanna straitéiseacha an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna, lena n-áirítear tríd an straitéis Global Gateway a chur chun cinn, agus trí rannchuidiú le Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a bhaint amach, mar aon le Comhaontú Pháras.

18. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an tuarascáil bhliantúil mar uirlis le haghaidh trédhearcachta, cuntasachta agus stiúradh polaitiúil na Comhairle. Cuireann an Chomhairle i bhfios a ríthábhachtaí atá sé í a fhoilsiú go tráthúil chun treoir pholaitiúil éifeachtach agus maoirseacht eolasach a chumasú, agus meabhraítear di gur gá a áirithiú go gcuirfear sonraí ar fáil i gcaoi a n-éascófar anailís agus inchomparáideacht le himeacht ama. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí formáid na príomhthuarascála a chuíchóiriú a thuilleadh chun a hinúsáidteacht a fheabhsú, agus go dtógtar ar na feabhsuithe leanúnacha ar díol sásaimh iad sna blianta roimhe seo, agus an fhaisnéis atá sna hiarscríbhinní á caomhnú ag an am céanna.

19. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé treoshuíomh straitéiseach na tuarascála a neartú, lena n-áirítear trí naisc níos soiléire le Clár Oibre 2030 agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le faisnéis fheabhsaithe maidir le hincháilitheacht COF faoi ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, agus tacaíocht do na Tíortha is Lú Forbairt. Ba cheart faisnéis níos soiléire a chur ar fáil sa tuarascáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na spriocanna uile a bhaint amach, agus ba cheart réimsí ina bhfuil gá le hiarrachtaí breise a shainaithint inti chomh maith, chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna, go háirithe na spriocanna aeráide agus inscne, faoi dheireadh 2027. Tugann an Chomhairle dá haire freisin a thábhachtaí atá sé ról Thoscaireachtaí an Aontais sa bhailiú sonraí a shoiléiriú agus cuireann sí i bhfios gur cheart tuairisciú a dhéanamh i gcaoi go leantar de thacaíocht a thabhairt do phleanáil chomhleanúnach fhadtéarmach ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais ina iomláine.

20. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá na hionstraimí seachtracha chun a spriocanna dlíthiúla a bhaint amach go héifeachtach. Is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na ngealltanas maidir leis an gcuimsiú sóisialta, an fhorbairt dhaonna, an imirce, an easáitiú éigeantach, agus an comhionannas inscne. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, measann an Chomhairle gur gá an bosca uirlisí agus na módúlachtaí cur chun feidhme uile atá ar fáil ag an Aontas, lena gceadaítear cineálacha cur chuige saincheaptha difreáilte, a imscaradh go comhleanúnach. Trí obair a dhéanamh le réimse leathan comhpháirtithe, lena n-áirítear institiúidí Eorpacha maoinithe forbraíochta, an tsochaí shibhialta agus gníomhaithe áitiúla, cinntítear gur comhpháirtí solúbtha iontaofa é an tAontas, mar is dual dó, atá in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

21. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé infheictheacht agus cumarsáid ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a fheabhsú agus cumarsáid straitéiseach a úsáid chun an tAontas a shuí mar chomhpháirtí iontaofa. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn leanúnach agus na hiarrachtaí a rinneadh chun an chumarsáid straitéiseach sa ghníomhaíocht sheachtrach a neartú. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dul i dteagmháil le grúpaí neamh-institiúideach sna tíortha comhpháirtíochta agus iad a mhealladh go héifeachtach trí fheachtais chumarsáide spriocdhírithe lena léirítear torthaí ghníomhaíocht an Aontais ar bhealach comhleanúnach éifeachtach.

22. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá iarrachtaí cumarsáide comhsheasmhacha, trédhearcacha, comhordaithe le gníomhaithe Fhoireann na hEorpa, lena n-áirítear trí dhlúthchomhordú ar leibhéal na tíre comhpháirtíochta idir Toscaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit. Molann an Chomhairle go leanfar le hiarrachtaí darb aidhm a áirithiú go léireofar gealltanas chomhchoiteann Fhoireann na hEorpa sa chumarsáid maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

***Tuarascáil Bhliantúil maidir le spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na cabhrach forbraíochta***

23. Meabhraítear don Chomhairle gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit an soláthraí is mó ar domhan de Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (COF); EUR 82.5 billiún ba luach na ranníocaíochta chomhchoiteann in 2025, arbh é 48 % de COF an domhain é. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis imní di, an laghdú stairiúil ar COF ar fud an domhain in 2025 mar a thuairiscigh ECFE[1] agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá don Aontas agus dá Bhallstáit leanúint de cheannaireacht dea-shampla a thabhairt ina gcáil mar Fhoireann na hEorpa.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle an anailís bhliantúil ón gCoimisiún maidir le spriocanna an Aontais i réimse na Cabhrach Forbraíochta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin, agus is díol sásaimh di, Athbhreithniú Piaraí 2025 a rinne ECFE ar chomhar um fhorbairt an Aontais. Athdhearbhaítear le figiúirí nuashonraithe go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ar an soláthraí is mó ar domhan de Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (COF) i gcónaí. Is mian leis an gComhairle an méid seo a leanas a thuairisciú don Chomhairle Eorpach:

a) Is iad an tAontas agus a Bhallstáit a bhí freagrach as 48 % den Chúnamh Oifigiúil Forbraíochta[2] a tugadh in 2025, rud a fhágann gurb iad an ranníocóir COF is mó ar domhan agus go bhfuil siad ina gceannairí i gcónaí i dtaobh an chláir oibre dhomhanda don fhorbairt inbhuanaithe.

[1] Tagraíonn ECFE do laghdú 23.1 % in 2025 i gcomparáid le 2024 maidir le COF iomlán Bhallstáit CCOF (an Coiste um Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt) i dtéarmaí réadacha (bunaithe ar phraghsanna tairiseacha USD), an crapadh bliantúil is mó riamh.

[2] Bunaithe ar réamhaisnéis maidir le sonraí COF 2025 ó ECFE-CCOF. Áirítear, sa sainmhíniú atá anseo ar COF domhanda, COF a chuireann tíortha comhchoiteanna an Aontais, agus gach tír eile bhronntach ar tír CCOF agus neamh-CCOF iad agus a thuairiscíonn don ECFE, ar fáil.

b) Ba é 0,44 % d'Ollioncam Náisiúnta (OIN) an Aontais[3], nó EUR 82,5 billiún, méid COF comhchoiteann an Aontais in 2025. Is laghdú é sin i gcomparáid lena sciar 0,50 % de OIN an Aontais in 2024 (EUR 89.5 billiún).

c) Ba é 0,08 % de OIN an Aontais, nó EUR 14,5 billiún, méid COF coiteann an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt[4] in 2024. Is laghdú é sin i gcomparáid lena sciar 0,12 % de OIN an Aontais in 2023 (EUR 20 billiún). Tugann an Chomhairle dá haire, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil COF comhchoiteann an Aontais do na Tíortha is Lú Forbairt fós faoi bhun na sprice 0,2 % agus go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha ina leith sin.

25. Leanann an Chomhairle de na Ballstáit go léir a spreagadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a spriocanna aonair a bhaint amach chomh maith le fanacht ar chonair inchreidte i dtreo ghealltanas comhchoiteann an Aontais 0,7 % de OIN a sholáthar mar COF[5], agus 0,2 % a sholáthar mar COF do na tíortha is lú forbairt faoi 2030. Molann an Chomhairle do na Ballstáit freisin a áirithiú go dtabharfar sciar iomchuí dá ODA, 10 % cuir i gcás, don ghníomhaíocht dhaonnúil, ar bhonn na riachtanas daonnúil a bhfuil a líon ag dul i méid.

---

3 Bunaithe ar réamhaisnéis maidir le sonraí COF 2025 ó ECFE-CCOF. Déantar COF comhchoiteann an Aontais a thomhas ar bhonn coibhéis deontais agus is éard atá ann léiriú ar shuim COF ó Bhallstáit an Aontais agus an cion de COF a chuireann institiúidí an Aontais ar fáil nach bhfuil inleagtha ar Bhallstáit ná ar dheontóirí nach Ballstáit den Aontas iad, an Ríocht Aontaithe, cuir i gcás.

4 Bunaithe ar shonraí COF 2024 ó ECFE-CCOF. Áirítear ar COF comhchoiteann an Aontais do TLFanna COF glan déthaobhach na mBallstát do na tíortha is lú forbairt, COF iltaobhach barúlach do na tíortha is lú forbairt agus COF réigiúnach arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt chomh maith le COF glan réigiúnach institiúidí an Aontais arb eol go dtéann sé chun tairbhe na dtíortha is lú forbairt (gan sciar na Ríochta Aontaithe a áireamh).

5 Maidir leis na Ballstáit sin a tháinig isteach san Aontas ó 2002 ar aghaidh, tá sé geallta acu go ndéanfaidh siad a ndícheall COF a mhéadú go 0,33 % OIN.

26. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé leas a bhaint as raon iomlán na módúlachtaí cistiúcháin agus as an gcomhar teicniúil ar bhealach comhlántach chun na gealltanais sin a chomhlíonadh. Dearbhaíonn an Chomhairle gur gá a áirithiú go rannchuideoidh an tAontas agus a Bhallstáit go gníomhach le córas idirnáisiúnta comhair forbraíochta agus córas daonnúil atá lánábalta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda an lae inniu a mhúnlú.

27. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé tionchar a thomhas ar bhealach níos fearr agus níos córasaí chomh maith le bailiú cuimsitheach sonraí agus tuairisciú trédhearcach a dhéanamh ar gach foinse oifigiúil maoinithe, lena n-áirítear acmhainní arna slógadh ón earnáil phríobháideach, trí Chóras Tuairiscithe Creidiúnaithe de chuid ECFE agus tríd an Tacaíocht Oifigiúil Iomlán le haghaidh na Forbartha Inbhuanaithe, agus tríd an Tionscnamh Trédhearcachta maidir le Cabhair Idirnáisiúnta. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé gach foinse maoinithe i leith infheistíochta san fhorbairt inbhuanaithe a rianú.

***Tuarascáil Speisialta 20/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa***

28. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le ‘Tacaíocht ón gCoimisiún chun an t-ocras a chomhrac san Afraic Fho-Shahárach’ agus tugann sí dá haire gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ón gCúirt agus go gcuirfidh sé chun feidhme iad chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo aghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin dhomhanda is tábhachtaí.

29. Agus an nasc idir an tslándáil bia agus uisce agus leochaileacht á athdhearbhú aici, cuireann an Chomhairle i dtreis gurb é an dul chun cinn i dtreo deireadh a chur leis an ocras agus leis an míchothú a chothaíonn an chobhsaíocht agus an athléimneacht agus tacaíonn sí le comhpháirtíochtaí comhthairbheacha san Afraic Fho-Shahárach. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an nasc sin faoi chuimsiú G7 agus G20.

30. Tugann an Chomhairle dá haire, a bhuíochas le gníomhaíochtaí an Aontais arna ndéanamh faoina hionstraimí, gur dámhadh, le 10 mbliana anuas, conarthaí dar luach thart ar EUR 23.2 billiún do thionscnaimh a bhaineann leis an ocras (2014–2024), agus gur leithdháileadh beagnach leath den mhéid sin ar an Afraic Fho-Shahárach.

31. I gcomhréir le torthaí na Cúirte, leagann an Chomhairle béim ar an ngá le cothromaíocht a bhaint amach idir faoiseamh daonnúil agus torthaí fadtéarmacha forbartha, go háirithe tacaíocht leanúnach do na slabhraí luacha agraibhia agus uisceacha atá athléimneach inbhuanaithe, agus spriocdhíriú riachtanas-bhunaithe agus faireachán ar thorthaí a threisiú, agus táscairí toraidh á n-úsáid chun feabhas a chur ar an tionchar agus ar an inbhuanaitheacht. I ndáil leis an méid sin, molann an Chomhairle go gcuirfí an cur chuige maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil, an fhorbairt agus an tsíocháin chun feidhme ar bhealach níos comhtháite.

32. Meabhraítear don Chomhairle an breisluach a bhaineann le cur chuige Fhoireann na hEorpa agus leagann sí béim ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an straitéis *Global Gateway*, i measc uirlisí agus straitéisí eile, chun na córais táirgthe agus slabhraí luacha inbhuanaithe atá fréamhaithe go háitiúil a mhéadú, agus infhaighteacht bia chothaithigh á háirithiú ag an am céanna dóibh siúd is leochailí. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh comhordaithe ar Fhoireann na hEorpa chun slándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus an chothaithe a chur chun cinn, agus iarrann sí go mbeadh sonraí níos láidre ann agus go ndéanfaí faireachán agus comhordú níos láidre chun torthaí a bheachtú.